



**Health  
Information  
and Quality  
Authority**

An tÚdarás Um Fhaisnéis  
agus Cáilíocht Sláinte

# **Plean Corparáideach 2025-2027**

## Eolas Faoin Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte

Is comhlacht reachtúil neamhspleách é an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (HIQA) a bunaíodh chun sábháilteacht agus cáilíocht a chur chun cinn i soláthar seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta ar mhaithe le sláinte agus le leas an phobail.

Tá HIQA, atá freagrach don Aire Sláinte agus do rannpháirtíocht le hAirí agus ranna rialtais ábhartha, freagrach as na nithe seo a leanas:

- **Caighdeán a leagan síos do sheirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta**  
Caighdeán agus treoir atá dírithe ar an duine a fhorbairt, bunaithe ar fhianaise agus ar dhea-chleachtas idirnáisiúnta, le haghaidh seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta in Éirinn.
- **Seirbhísí cúraim shóisialta a rialáil**  
Tá an Príomhchigire Seirbhísí Sóisialta laistigh de HIQA freagrach as seirbhísí cónaithe a chlárú agus a iniúchadh do dhaoine scothaosta agus do dhaoine faoi mhíchumas, agus d'aonaid chúraim speisialta do leanaí.
- **Seirbhísí sláinte a rialáil**  
Nochtadh leighis do radaíocht ianaíoch a rialáil.
- **Seirbhísí monatóireachta**  
Monatóireacht a dhéanamh ar shábháilteacht agus ar cháilíocht na n-ionad buan seirbhíse cóiríochta cosanta idirnáisiúnta, seirbhísí sláinte agus seirbhísí sóisialta do leanaí i gcomhréir leis na caighdeáin náisiúnta. Nuair is gá, déanann HIQA fiosrúchán ar ábhair imní thromchúiseacha faoi shláinte agus leas na ndaoine a úsáideann seirbhísí sláinte agus seirbhísí sóisialta leanaí.
- **Measúnú ar theicneolaíocht sláinte**  
Measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht chliniciúil agus costais na gclár sláinte, na mbeartas, na gcógas, an trealaimh leighis, na dteicnící diagnóiseacha agus máinliachta, gníomhaíochtaí cothaithe agus cosanta sláinte, agus comhairle a sholáthar chun an úsáid is fearr a bhaint as acmhainní agus na torthaí is fearr a bhaint amach do dhaoine a úsáideann ár seirbhís sláinte.
- **Faisnéis sláinte**  
Comhairle a thabhairt maidir le faisnéis sláinte a bhailiú agus a chomhroinnt go héifeachtúil agus go slán, caighdeáin shocrú, acmhainní faisnéise a mheas agus faisnéis a fhoilsiú ar sholáthar agus ar fheidhmíocht sheirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta na hÉireann.
- **Clár Náisiúnta um Thaithí Chúraim**  
Suirbhéanna náisiúnta ar thaithí úsáideoirí seirbhíse a dhéanamh thar raon seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta, leis an Roinn Sláinte agus le FSS.

Féach [www.hiqa.ie](http://www.hiqa.ie) chun tuilleadh eolais a fháil.

# Clár ábhair

|                 |                                                                |    |
|-----------------|----------------------------------------------------------------|----|
| <b>Cuid 1.</b>  | Réamhrá                                                        | 4  |
| <b>Cuid 2.</b>  | Cúlra                                                          | 5  |
|                 | 2.1 Comhthéacs                                                 | 5  |
| <b>Cuid 3.</b>  | Treo straitéiseach HIQA sa todhchaí                            | 8  |
|                 | 3.1 Fís agus Misean                                            | 8  |
|                 | 3.2 Luachanna HIQA                                             | 10 |
|                 | 3.3 Torthaí 2025–2027 agus torthaí níos fadtéarmaí             | 12 |
|                 | 3.3.1 Torthaí fadtéarmacha                                     | 13 |
|                 | 3.3.2 Torthaí 2025-2027                                        | 14 |
| <b>Cuid 4.</b>  | Acmhainní                                                      | 16 |
| <b>Cuid 5.</b>  | Gníomhaíochtaí                                                 | 17 |
| <b>Cuid 6.</b>  | Cur chun feidhme agus faireacháin                              | 22 |
| <b>Aguisín:</b> | Dualgas um Chomhionannas agus Cearta Daonna na hEarnála Poiblí | 23 |

## Réamhrá

Táimid sásta Plean Corparáideach HIQA 2025–2027 a thabhairt isteach. Leis an bPlean Corparáideach seo leagtar amach treo straitéiseach soiléir maidir le HIQA thar na trí bliana atá le teacht. Thar an tréimhse seo, fanfaimid freagrúil do riachtanais an phobail agus leanfaimid de bheith ag obair chun ár bhfís a bhaint amach, ina soláthraíonn seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta ardchaighdeán cúraim agus na torthaí is fearr is féidir a sholáthar do mhuintir na hÉireann.

Tógfaidh an Plean Corparáideach seo muid suas go 2027, ar dáta cinniúnach do HIQA é mar is é sin cothrom an lae 20 bliain ár mbunaithe. Ó 2007 tá muid tiomanta d'ardchaighdeán seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta a chur chun cinn ar fud na hÉireann. Is éard atá inár n-aistear ná feabhas, nuálaíocht agus comhoibriú leanúnach, agus táimid bródúil as an dul chun cinn déanta againn. I dtimpeallacht sláinte agus cúraim shóisialta a bhíonn ag síorathrú, tá freagrachtaí HIQA dulta i méid go sonrach. I gcomhréir leis an méadú sin tá feidhmeanna reachtúla nua curtha leis, rud lena mbaineann deiseanna agus dúshlán araon. Agus an ócáid chinniúnach sin á comóradh againn, dearbhaímid ár dtiomantas do chearta daonna a chur chun cinn agus do mheas a bheith againn ar riachtanais na ndaoine lena n-oibrímid agus na ndaoine dá n-oibrímid. Lena chois sin, cinnteoidimid go dtabharfar aird chuí ar inbhuanaitheacht agus, go háirithe, ar ghníomhú ar son na haeráide san obair a dhéanaimid.

Tá a fhios againn go maith go bhfuil réimse tosca seachtracha ar féidir leo dul i bhfeidhm ar clár oibre HIQA, agus aithnímid an tábhacht a bhaineann le bheith ag éisteacht le tuairimí ár bpáirtithe leasmhara, lena n-áirítear othair agus daoine ag úsáid seirbhísí, lucht ceaptha beartas, soláthraithe seirbhíse, grúpaí abhcóideachta, foireann HIQA agus an pobal níos leithne. Agus an plean seo á fhorbairt againn, thugamar faoi chlár rannpháirtíochta forleathan lenár bpáirtithe leasmhara. Bhíomar ag iarraidh tuairimí an phobail faoin méid a d'oibrigh go maith le trí bliana anuas, faoi na dúshlán roimh HIQA sna trí bliana atá le teacht agus faoin méid ar chóir a bheith mar thosaíochtaí againn don todhchaí. Ba mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil le gach duine a chabhraigh linn chun ár bhfís a mhúnlú do na bliana amach romhainn. Go háirithe gabhaimid ár mbuíochas lenár bhfoireann agus lenár mBord tiomanta cumasach; Tá gach sprioc bainte amach againn mar thoradh ar a dtreallús, a bpaisean agus a ndúthracht i gcónaí.

Maidir leis an bPlean Corparáideach seo, táimid tar éis athrú a dhéanamh ar ár gcur chuige ó ghnáth-dhíriú ar cuspóirí i dtreo torthaí níos follasaí ba mhaith linn a bheith bainte amach faoi 2027. Cé go ndíríonn béim an Phlean Chorporáidigh ar na trí bliana amach romhainn, táimid tar éis féachaint ar thorthaí níos fadtéarmaí ba mhaith linn a bhaint amach.

Rinne muid iarracht torthaí inmhianaithe a leagan amach thar na trí bliana atá le teacht, agus beidh siad ina dtagarmharc lena ndéanfar measúnú ar rathúlacht an Phlean. Ach cur chuige torthaí-dhírithe a ghlacadh, táimid chun na torthaí sláinte agus cúraim shóisialta is fearr do gach duine a chur ar chumas na seirbhísí, trí chinnteoireacht, socrú caighdeán agus rialacháin atá treoraithe ag an fhianaise.

Agus muid ag cur an Plean Corparáideach chun feidhme, táimid ag súil le leanúint de bheith ag obair leis an Roinn Sláinte; An Roinn Leanaí, Míchumais agus Comhionannais soláthraithe seirbhíse; daoine ag úsáid seirbhísí agus an pobal níos leithne.

Agus ár bPlean Corparáideach dár dtreorú agus i gcomhar le comhpháirtíochtaí éifeachtacha lenár bpáirtithe leasmhara, táimid muiníneach go gcuirfimid ár dtosaíochtaí straitéiseacha uailmhianacha i gcrích.



**An Dr Pat O'Mahony**  
Cathaoirleach



**Angela Fitzgerald**  
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

## Cúlra

Comhlacht neamhspleách a bunaíodh chun sábháilteacht agus cáilíocht i seirbhísí sláinte agus i seirbhísí cúraim sóisialta ar fud na hÉireann a chur chun cinn is ea HIQA. Tá sé mar phríomhchuspóir againn sláinte agus leas an phobail a fheabhsú trína áirithiú go soláthraítear cúram sábháilte, éifeachtach agus measúil maidir le cearta aonair. Síneann ár sainordú leathan ar fud réimsí éagsúla seirbhísí san earnáil phoiblí, phríobháideach agus dheonach, rud a léiríonn ár dtiomantas chun cloí le hardchaighdeán i ngach réimse cúraim.

Agus ár bPlean Corparáideach á fhorbairt againn, aithnímid go bhfuil athrú mór tagtha ar an tírdhreach sláinte agus cúraim shóisialta. Leanann HIQA de bheith ag fás agus ag dul in oiriúint mar fhreagairt ar dhúshláin agus ar dheiseanna atá ag teacht chun cinn. Leis an bPlean Corparáideach seo, leagtar amach ár dtosaíochtaí agus ár dtionscnaimh straitéiseacha, rud lena n-áiritheoimid go bhfanfaimid freagrúil do riachtanais an phobail agus tiomanta don chaighdeán is airde cúraim a chur chun cinn agus cearta aonair a chosaint i ngach seirbhís atá á rialú againn.

### 2.1 | Comhthéacs

I dtimpeallacht sláinte agus cúraim shóisialta a bhíonn ag síorathrú, tá freagrachtaí HIQA dulta i méid go sonrach ónár dtús in 2007. Tá an méadú sin ag teacht i gcomhréir le feidhmeanna reachtúla nua. Tá forbairtí beartais, teicneolaíochta agus reachtúla a mbeidh tionchar acu ar ár n-obair aitheanta againn. Lena n-áirítear:

- **An tAcht um Shábháilteacht Othar (Teagmhais Infhógartha agus Nochtadh Oscailte) 2023 (Acht um Shábháilteacht Othar):** Leis an Acht sin, sainordaítear tuairisciú éigeantach de theagmhais infhógartha, rud lena bhforbraítear maoirseacht HIQA chun monatóireacht ar sholáthraithe cúraim sláinte phríobháidigh in aghaidh caighdeáin náisiúnta a chur san áireamh.
- **An tAcht Sláinte (Forálacha Ilghnéitheacha) (Uimh. 2) 2024:** Cuireann an reachtaíocht sin le húdarás rialála HIQA ar sheirbhísí cúraim chónaithe. I measc na bpríomhthionscnamh atá na nithe seo a leanas: tugtar do Phríomhchigire Seirbhísí Sóisialta cumhacht chun fógraí um chomhlíonadh a eisiúint chun aghaidh a thabhairt ar shárú rialála, chun gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin a bhrostú agus chun bailiú agus foilseachán sonraí oibríochta ó thithe altranais a éascú chun trédhearcacht agus pleanáil a fheabhsú.
- **Lárionaid um Sheirbhísí Cóiríochta um Chosaint Idirnáisiúnta (IPAS):** Tá HIQA freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar lárionaid IPAS chun a áirithiú go gcomhlíontar Caighdeáin Náisiúnta um Lóistín a Thairgtear do Dhaoine i mbun an Phróisis Chosanta. Tá HIQA ag obair leis an Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce chun na socruithe cuí amach anseo a mheas maidir le monatóireacht a dhéanfar ar na lárionaid seirbhíse chóiríochta um chosaint idirnáisiúnta, agus aird á tabhairt ar an gcomhthéacs beartais náisiúnta agus an AE atá de shíor ag athrú.
- **Rialachán an AE um Mheasúnú ar Theicneolaíocht Sláinte (HTAR):** Leis an rialachán sin, ó 2025 cuirtear creat ar fáil le haghaidh comhtháirgeadh faisnéise HTA ag gníomhaireachtaí HTA na hEorpa. Tabharfaidh HIQA faoi chomh-mheasúnaithe cliniciúla a dhéanamh ar theicneolaíochtaí sláinte, lena n-áirítear vacsaíní agus gléasanna agus diagnóisic ardriosca, laistigh den creat HTAR.

- **Rialachán maidir leis an Spás Eorpach Sonraí Sláinte (Rialachán SESS):** Déanfaidh na rialacháin an chaoi a roinntear faisnéis sláinte a chaighdeánú ar leibhéal náisiúnta agus na hEorpa le haghaidh úsáidí príomha agus tánaisteacha.
- **Rialacháin an Aontais Eorpaigh 2024 (Athléimneacht Eintiteas Criticiúil) (Rialacháin CER):** Cuireann na rialacháin sin freagrachtaí na hÉireann chun feidhme faoi Threoir an Aontais Eorpaigh maidir le hAthléimneacht Eintiteas Criticiúil, a bhfuil mar aidhm léi athléimneacht d'eintitis chriticiúla ar leith a neartú agus a áirithiú gur féidir leo suaití éagsúla a sheasamh agus téarnamh uathu. Faoi na rialacháin sin, tá HIQA ainmnithe ina Údarás Inniúil Náisiúnta maidir le soláthraithe cúraim sláinte ar leith.
- **An tAcht um Fhíochán Daonna 2024 (Trasphlandú, Iar-Bhás, Scrúdú Anatamaíoch agus Taispeáint Phoiblí) (An tAcht um Fhíochán Daonna):** Faoi Acht sin, beidh freagracht ar HIQA monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na gcleachtas iar-bháis i suímh an ospidéal agus suímh nach ospidéal iad.
- **Sláintecare:** Is é is aidhm leis an gcreat beartais sin ná an córas cúraim sláinte a athrú ina shamhail níos cothroime, ina ar cuireadh de chúram ar HIQA monatóireacht a dhéanamh ar an gcaighdeán ar fud réigiúin sláinte nua-bhunaithe.
- **Dul chun cinn san Intleacht Shaorga (IS):** Is dócha go mbeidh tionchar níos mó ag IS ar chúram sláinte sna blianta amach romhainn.
- **Coiste Comhairleach Náisiúnta Imdhíonta (NIAC):** Cuireann NIAC sainmholtaí agus sainchomhairle neamhspleách fianaise-bhunaithe ar fáil don Aire Sláinte maidir le himdhíonadh agus le cúrsaí sláinte ábhartha agus chomh maith leis sin tá NIAC freagracht as Treoirlínte Maidir le hImdhíonadh d'Éirinn a dhéanamh. Ó Mhí an Mhárta 2025 beidh HIQA ag óstáil NIAC agus cuirfidh HIQA rúnaíocht eolaíochta agus riaracháin NIAC ar fáil.
- **Sainordú um Ghníomhú ar son na hAeráide don Earnáil Phoiblí:** Leis an sainordú sin is gá do chomhlachtaí poiblí astaíochtaí gas ceaptha teasa a laghdú faoi 51% agus éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú faoi 50% faoi 2030. Táthar ag súil go gcruthóidh HIQA Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide, Foirne Glasa a bhunú agus Cosantóir Inbhuanaitheachta agus Aeráide a cheapadh chun comhlíonadh a áirithiú.
- **Treoir Thuairiscithe Maidir le hInbhuanaitheacht Chorporáideach (CSRD):** Ó ghlac sé éifeacht in 2023, éilíonn an CSRD go nochtann eintitis mhóra an AE mionsonraí maidir le tosca ESG. Ceanglaítear go bhfuil tuairisciú HIQA ag teacht le caighdeán CSRD, go gcinntítear trédhearcacht i bhfeidhmíocht inbhuanaitheachta agus go gcuirtear rialuithe chun feidhme ar mhaithe le bailiú agus tuairisciú cruinn de shonraí.
- **Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna):** Tá sé mar aidhm leis na SDGanna deireadh a chur le bochtaineacht agus le neamhionannas, an domhan a chosaint agus a áirithiú go mbeidh an sláinte, an ceartas agus an rathúnas ag gach duine. Cé go bhfuil roinnt spriocanna bainteach le HIQA, tá tábhacht ar leith ag baint le Sprioc 3 (saol sláintiúil a áirithiú agus folláine gach duine ag gach aois a chur chun cinn).



D'fhéadfadh sé go mbeadh impleachtaí ag roinnt billí atá á mbreithniú maidir le freagrachtaí rialála agus oibriúcháin HIQA, lena n-áirítear na nithe seo a leanas:

- **An Treoir leathnaithe maidir le Slándáil Líonra agus Faisnéise (NIS-2):** Neartóidh agus feabhsóidh an treoir sin bearta cibearshlándála ar fud earnálacha criticiúla, an earnáil sláinte ina measc, faoi Bhille um Chibearshlándáil Náisiúnta 2024.
- **An Bille um Fhaisnéis Sláinte 2024:** Leis an reachtaíocht bheartaithe sin, bunófar creat dlí do shonraí sláinte a bhainistiú in Éirinn. Leanfaidh HIQA leis an gclár faisnéise sláinte a chur chun cinn tríd a shainchúram reatha de chaighdeán náisiúnta faisnéise sláinte a fhorbairt, moltaí a dhéanamh agus athbhreithniú a dhéanamh ar chomhlíontacht i dtaca le caighdeán.
- **An Bille Sláinte (Bille um Sholáthraithe Gairmiúla de Thacaíocht sa Bhaile a Cheadúnú) (Leasú) 2024:** Tá sé mar aidhm leis an reachtaíocht bheartaithe creat ceadúnú a bhunú le haghaidh soláthraithe gairmiúla de thacaíocht sa bhaile in Éirinn. Táthar ag súil go dtacóidh HIQA leis an gcreat sin trí chaighdeán náisiúnta cáilíochta a fhorbairt agus trí cheadúnais do sholáthraithe de thacaíocht sa bhaile a cheadú, a leasú agus a chúlghairm. Tá sé beartaithe go mbeidh an Príomhchigire Seirbhísí Sóisialta laistigh de HIQA freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na gcaighdeán agus na rialachán sin, chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh seirbhísí um thacaíocht sa bhaile critéir cháilíochta agus sábháilteachta seasta.
- **An Bille um Shábháilteacht Othar (Ceadúnú):** Leis an reachtaíocht bheartaithe sin, tugtar isteach córas ceadúnaithe d'ospidéal agus do ghníomhaíochtaí cúraim sláinte ardriosca. Táthar ag súil go ndéanfaidh HIQA measúnú ar oiriúnacht na soláthraithe, go gcinnteoidh sé comhlíonadh na gcaighdeán agus go ndéanfaidh sé monatóireacht ar shábháilteacht othar trí cheanglais cheadúnaithe.

Aithnímid gur féidir go bhfuil tionchar ag tosca éagsúla seachtracha ar chlár oibre HIQA agus ar a bpróiseas tosaíochta. Tá sí rithábhachtach dul i dteagmháil le réimse éagsúil páirtithe leasmhara ionas go gcinntítear go léiríonn ár bPlean Corparáideach an tírdhreach sláinte agus cúraim shóisialta níos leithne agus a thosaíochtaí ábhartha.

Mar chuid de phróiseas forbartha an Phlean Chorporáidigh, rinneadh cleachtadh pleanála cásanna chun na hathruithe atá ag teacht chun cinn agus an tionchar ar féidir a bheith acu ar HIQA a mheas. Is éard a bhí i gceist leis sin ná scrúdú a dhéanamh ar mhacra-thosca arbh fhéidir tionchar a bheith acu ar ár dtreo fadtéarmach, ar cheisteanna beartacha maidir le soláthar ár dtorthaí 2025–2027 agus ar ár n-acmhainn inmheánach chun ullmhú le haghaidh dúshlán amach romhainn. Léirítear leis an ngníomh sin go bhfuil idir athruithe measartha agus athruithe suntasacha romhainn, a bhfuil tionchar ag gach ceann acu ar ár gcreat rialála. Trí chásanna éagsúla todhchaí a phlé, fuaireamar léargais luachmhara ar an gcaoi a bhféadfadh tionchar a bheith ar ár n-obair ag ceanglais rialála athraitheacha, nuashonruithe reachtaíochta agus ag athruithe ar dhinimic sláinte agus cúraim shóisialta. Tá an fadbhreathnaitheacht sin rithábhachtach chun ár dtosaíochtaí straitéiseacha a threorú agus chun a áirithiú go leanaimid de bheith solúbtha agus sofhreagrúil do dhúshlán atá ag teacht chun cinn. Tá sé riachtanach freisin go ndéanfaimid ár n-obair a mheas ar bhonn leanúnach ionas go bhfanfaimid éifeachtach. Ní mór dúinn a bheith de shíor ag foghlaim agus ag forbairt ionas go bhfanfaimid solúbtha agus sofhreagrach i dtaca le dúshlán a thagann chun cinn.

I bhfianaise scála na n-athruithe atá ag teacht agus tírdhreach sláinte agus cúraim shóisialta atá ag athrú go tapa, leagann an Plean Corparáideach treo soiléir amach do HIQA agus leagann sé amach na saincheisteanna rithábhachtacha, na spleáchais agus na gníomhaíochtaí atá ag teastáil chun ár misean a chomhlíonadh amach anseo. Léiríonn sé ár gcéim forbartha agus aibíocht eagraíochta agus léiríonn sé béim ar ár dtiomantas do bheith dírithe ar thorthaí ina bhfuil feabhas ar chaighdeán an chúraim do mhuintir na hÉireann agus ar eispéireas na n-úsáideoirí seirbhíse. Ach ár dtionscnaimh a ailíniú le riachtanais athraitheacha agus le hionchais rialála, tá sé mar aidhm againn timpeallacht sláinte agus cúraim shóisialta a chothú

ina bhfuil sábháilteacht, éifeachtach agus meas ar chearta aonair curtha chun tosaigh.

# Treo straitéiseach HIQA sa todhchaí

## 3.1 | Fís agus Misean

Ba cheart ár bhFís agus ár Misean a mheas le chéile. Leagtar amach lenár bhFís na spriocanna ba mhaith linn a bhaint amach, agus lenár Misean sainmhínítear ár gcuspóir agus an chaoi a dtabharfaimid faoin gcuspóir a bhaint amach.

### Fís

Soláthraíonn seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta caighdeán chúraim den chéad scoth agus na torthaí is fearr is féidir a bhaint amach do mhuintir na hÉireann i gcónaí



### Misean

Chun na torthaí sláinte agus cúraim shóisialta is fearr do gach duine a chur ar chumas na seirbhísí, trí chinnteoireacht, socrú caighdeán agus rialacháin atá treoraithe ag an fhianaise



# Fís



Is éard atá i gceist leis an bhFís ná timpeallacht a chruthú ina bhfuil gach duine atá ag baint leas as seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta ábalta a bheith cinnte go gcaithfear leo leis an ngairmiúlacht, comhbhá agus éifeachtacht is airde, agus ar an gcaoi sin a bhfolláine agus a n-eispéaras dearfach a chinntiú.

Cuireann ár bhFís i dtábhacht an ról ríthábhachtach ag HIQA chun seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta a chumasú chun caighdeán ard cúraim a sholáthar agus na torthaí is fearr a bhaint amach do mhuintir na hÉireann. Leagtar béim leis sin ar an gceangal díreach idir muinín an phobail as seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta agus iontaofacht agus barr feabhais an chúraim a chuirtear ar fáil. Chomh maith leis sin leagtar béim ar an tábhacht a bhaineann le rannpháirtíocht na n-othar a neartú, sábháilteacht agus scoth a chur chun cinn ar mhaithe le hothar agus le húsáideoirí seirbhíse agus aithnítear ról criticiúil de sholáthraithe seirbhíse chun seirbhísí sábháilte den chéad scoth a sholáthar. Thar aon rud eile, braitheann sé ar úsáid chuí de nuálaíocht, treoraithe ag an fhianaise, chun caighdeán, éifeachtúlacht agus éifeachtacht seirbhísí cúraim a fheabhsú, lena n-áirítear feabhas agus nuálaíocht leanúnach sa chúram curtha ar fáil.

# Misean



Cuireann ár Ráiteas Misin i dtábhacht gealltanais HIQA do chaighdeán seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta a fheabhsú. Trí bheith ag obair lenár bpáirtithe leasmhara, is é is aidhm ag HIQA ná a áirithiú go bhfaigheann gach duine aonair na caighdeáin is airde cúraim. Bainfear amach é sin trína gcinntiú go soláthraítear an fianaise is fearr atá ar fáil, trí chaighdeáin arda a shocrú agus trí cháilíocht agus sábháilteacht soláthair cúraim a mheas agus a thuairisciú. Trí bheith dírithe ar na réimsí seo, déanann an eagraíocht a dícheall feabhas a chur ar shláinte agus ar fholláine an phobail go foriomlán agus tacú le soláthraithe cúraim chun ardchaighdeán a chomhlíonadh i gcónaí.

## 3.2 | Luachanna HIQA

Tá an eagraíocht treoraithe ag luachanna HIQA, agus is ionann na luachanna sin agus féiniúlacht agus prionsabail HIQA. Téann siad i bhfeidhm ar an gcaoi a ndéanaimid gnó agus ar an gcaoi a n-idirghníomhaímid le gach páirtí leasmhara inmheánach agus seachtrach.



## Ceartha Daonna

### Cuirimid cearta daonna chun cinn agus cosnaímid iad

Creidimid gur ceart cearta agus dínit gach duine atá ag idirghníomhú le hearnálacha sláinte agus cúraim shóisialta a chur chun cinn agus a chosaint. Ba cheart go dtacaíonn cleachtais le cearta daonna agus go gcruthaíonn siad timpeallacht ina mothaíonn gach duine go bhfuil ardmheas léirithe orthu. Déanann an gealltanais sin atreisiú ar ról HIQA i leith na cearta sin a chosaint i ngach gníomhaíocht déanta againn.



## Daoine-dhírithe

### Is mór againn riachtanais na ndaoine lena n-oibrímid agus na ndaoine dá n-oibrímid

Is mór againn riachtanais na n-úsáideoirí seirbhíse agus na bhfoirne. Tacaímid le soláthar seirbhísí a comhlíonann riachtanais na ndaoine atá á n-úsáid. Anuas air sin, cothaímid timpeallacht ionchuimsitheach thacúil lena n-áirithítear go dtugtar aird ar gach tuairim agus go ndéantar machnamh orthu.



## Cóir, Oibiachtúil agus Cothrom

### Táimid cóir, oibiachtúil agus cuí inár n-obair

Tá ár n-imeachta oibre oibiachtúil, cóir agus cuí agus treoraithe ag an bhfianaise. Creidimid i gcóir chomhionann ar fud na n-earnálacha sláinte agus cúraim shóisialta agus i sláine maidir le cleachtas rialála.



## Oscailte agus Freagrach

### Cuirimid an chaoi a n-oibrímid agus torthaí ár n-oibre in iúl

Táimid trédhearcach inár n-obair agus cuirimid ár bpróisis, ár modheolaíochtaí agus ár dtorthaí in iúl. Trí bheith oscailte agus trédhearcach, cothaímid muintín an phobail agus spreagaimid rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara agus léirímid freagracht inár n-oibríochtaí.



## Barrfheabhas

### Déanaimid ár ndícheall bheith nuálach agus caighdeán ár gcuid oibre a fheabhsú

Déanaimid ár ndícheall an caighdeán is airde a bhaint amach i ngach gníomhaíocht agus déanfaimid iarracht i gcónaí bheith nuálach agus ár gcuid oibre a fheabhsú. Creidimid go mbeidh, i ndeireadh na dála, leas na ndaoine a mbaineann úsáid as seirbhísí mar thoradh ar thacú le barrfheabhas ár gcuid oibre.



## Cáilíocht

### Tacaímid le feabhsú leanúnach cáilíochta le haghaidh daoine a úsáideann ár seirbhísí

Táimid dírithe ar thionscnaimh a thacaíonn le feabhsú leanúnach cáilíochta, agus ar an mbealach sin feabhas a chur ar sholáthar cúraim trí chultúr na foghlama agus na forbartha. Cinntíonn an gealltanais sin go bhforbraíonn seirbhísí chun riachtanais an duine aonair agus an phobail a chomhlíonadh.



## Comhoibríoch


### Oibrímid i gcomhar le gach comhghleacaí agus gach páirtí leasmhara

Oibrímid i gcomhpháirtíocht lenár gcomhghleacaithe agus lenár bpáirtithe leasmhara, lena n-áirítear soláthraithe seirbhíse, comhlachtaí rialtais, daoine ag úsáid seirbhísí agus an pobal. Is mór againn saineolas agus comhpháirtithe comhroinnte. Cuireann an cur chuige comhoibríoch sin feabhas ar éifeachtacht tionscnamh agus cuireann sé smaoineamh nasctha le chéile chun cinn ar fud an tírdhreach sláinte agus cúraim shóisialta.




### 3.3 | Torthaí 2025–2027 agus torthaí níos fadtéarmaí

Tá ár bPlean Corparáideach ceaptha chun feabhas leanúnach a chothú, a bhfuil béim aige ar thorthaí follasacha a sholáthar sna trí bliana amach romhainn, agus ag an am céanna léargas soiléir a bheith againn ar ár spriocanna fadtéarmacha. Clúdaíonn an Plean sin tréimhse thosaigh trí bliana agus ag an am céanna tuiscint soiléir a léiriú ar chuspóirí straitéiseacha fadtéarmacha HIQA. Trí thorthaí 2025-2027 agus torthaí níos fadtéarmaí a leagan amach, tá sé mar aidhm againn ár dtiomantas a léiriú do dhul chun cinn le himeacht ama, lena bhfuil feabhas ar gach céim anuas ar an gcéim roimhe, i dtreo fíis HIQA a bhaint amach.



### 3.3.1 Torthaí fadtéarmacha

Chun ár bhFís a bhaint amach caithfimid na ceithre thoradh seo a leanas a sheachadadh:



#### Fócas ar Sheirbhís

**Cúram agus tacaíocht shábháilte agus nasctha le chéile ar fud gach seirbhíse sláinte agus cúraim shóisialta**

- Cuirimid soláthar seirbhíse ar bhealach sábháilte, éifeachtach agus seasmhach chun cinn ar fud na tíre agus déanaimid an méid sin a éascú, beag beann ar thimpeallacht nó ar shuíomh.
- Dírímid aird ar shaincheisteanna faoin gcóras go réamhghníomhach agus ag an am céanna tacaímid le soláthraithe le caighdeán níos airde a sheachadadh.

#### Éifeacht treoraithe ag an bhfianaise

**Tá torthaí feabhsaithe d'úsáideoirí seirbhíse á soláthar ag forbairt beartais agus ag cinnteoireacht treoraithe ag an bhfianaise**

- Tá ár bhfianaise agus ár saineolas ríthábhachtach maidir le teorú agus tionchar atá acu ar fhorbairtí suntasacha laistigh de bheartas sláinte agus cúraim shóisialta níos leithne agus de thírdhreach soláthair cúraim sláinte, a bhfuil mar aidhm ag na forbairtí sin torthaí foriomlána a fheabhsú do dhaoine.
- Úsáidimid ár neamhspleáchas agus ár nguth iontaofa chun caidreamh láidir a chothú le príomhpháirtithe leasmhara chun torthaí a fheabhsú le haghaidh daoine atá ag úsáid seirbhísí agus chun tacaíocht a thabhairt do nuálaíocht agus d'athrú treoraithe ag an bhfianaise.
- Mar eagraíocht foghlama, úsáidimid ár dtaithí ónár n-obair féin agus na dea-chleachtais a thagann chun cinn chun eolas a dhéanamh dár gcur chuige foriomlán ionas gur féidir linn tionchair dhearfach a bheith againn ar sheirbhísí sláinte agus sóisialta.

#### Rialachas agus Éifeachtacht Eagraíochta

**Eagraíocht ardfheidhmíochta a thiomáineann torthaí dearfacha le haghaidh úsáideoirí seirbhíse agus ar leibhéal an phobail**

- Is eagraíocht shofhreagrúil agus oiriúnaitheach muid a bhfuil sé d'acmhainn againn fócas a athrú go tapa ar ghnéithe nua agus atá ag teacht chun cinn ag brath ar ghá agus riachtanais shochoaíocha.
- Is eagraíocht inbhuanaithe, éagsúil agus ionchuimsitheach muid arna thacú ag rialachas láidir agus cuí.

## Daoine

### Timpeallacht oibre dhearfach a thacaíonn le barrfheabhas

- Táimid aitheanta mar fhostóir roghnaithe d'fhoireann atá ag iarraidh barrfheabhas a bhaint amach i réimse a saineolais.
- Tá ár bhfoireann forbartha go gníomhach agus tacaítear leo chun barr a gcumais a bhaint amach agus chun go n-éireoidh leo.
- Léirimid béim láidir cheannaireachta ar chultúr eagraíochta ionchuimsitheach, dearfach agus ardfheidhmíochta a chothú.

#### 3.3.2 Torthaí 2025-2027

Tá torthaí ba mhaith linn a bhaint amach faoi dheireadh an timthrialla pleanála trí bliana seo aimsithe againn.



Tá torthaí feabhsaithe á n-éascú do mhuintir na hÉireann mar gheall ar na caighdeáin atá HIQA á leagan amach chomh maith leis an monatóireacht agus rialú atá HIQA a dhéanamh ar cháilíocht agus ar shábháilteacht



Tá HIQA ag imirt tionchar ar soláthróirí seirbhíse agus á n-éascú chun éispéiris agus torthaí úsáideora seirbhíse níos fearr a chur ar fáil



Cuireann HIQA fianaise ar fáil chun bonn a chur faoi chinntí beartais agus faoi fhorbairtí cleachtais ar fud seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta ag leibhéal daonra



Tá luach agus tionchar á gcur ar fáil ag HIQA do gach páirtí leasmhar trí bhealaí oibre aclaí agus comhoibríocha, córais éifeachtúla, struchtúir atá oiriúnach don fheidhm agus rialachas cuí



Eagraíocht inbhuanaithe agus chuimsitheach is ea HIQA



Rogha fostóra is ea HIQA mar gheall ar a dtacaíochtaí foirne, deiseanna agus cultúr dearfach eagraíochtúil

### **Tá torthaí feabhsaithe do mhuintir na hÉireann maidir le cáilíocht agus sábháilteacht mar thoradh ar shocrú caighdeáin, monatóireacht agus rialachán déanta ag HIQA**

Leanfaidh HIQA de chaighdeáin náisiúnta a shocrú agus tacóidh sé le huirlisí cur chun feidhme le haghaidh sláinte agus cúraim sláinte agus faisnéis sláinte. In éineacht le feidhmeanna reatha, áitritear leis seo an Bille um Fhaisnéis Sláinte 2024, an tAcht um Shábháilteacht Othar (Teagmhais Infhógartha agus Nochtadh Oscailte) 2023, an Rialachán maidir leis an Spás Eorpach Sonraí Sláinte agus an Bille um Thacaíocht Bhaile. Leanfaidh HIQA dá bpróisis rialála agus mhonatóireachta a mheas chun a chinntiú go bhfanann muid éifeachtach. Cuspóir lárnach is ea úsáid a bhaint as anailísíocht sonraí, eolas agus faisnéis fhíor-ama chun mar thaca leis an éifeachtacht rialála. I dteannta le monatóireacht, tá sé mar aidhm ag an obair seo caighdeán níos airde a áirithiú do dhaoine atá ag úsáid seirbhísí.

### **Tá HIQA ag dul i bhfeidhm ar sholáthraithe seirbhíse agus ag cur ar a gcumas eispéireas feabhsaithe agus torthaí níos fearr a sholáthar d'úsáideoirí seirbhíse**

Mar gheall ar ár bpróiseas rialála, treoir, sonraí agus tacaíocht maidir le taithí ár n-úsáideoirí seirbhíse, cuirfidh HIQA ar chumas soláthraithe seirbhíse a gcleachtais a fheabhsú, rud a fhágann go mbeidh taithí agus torthaí níos fearr ag gach úsáideoir seirbhíse sa deireadh mar thoradh air sin.

### **Cuireann HIQA fianaise ar fáil chun cinntí beartais agus forbairtí cleachtais a threorú ar fud seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta ar leibhéal an phobail**

Trí thacaíocht a thabhairt do chur chuige treoraithe ag an bhfianaise, cabhróidh HIQA lena áirithiú gur féidir beartais sláinte agus cúram sóisialta agus cinnteoireacht seirbhíse cúraim sláinte a bheith bunaithe ar an bhfianaise agus ar dhea-chleachtais, rud as a dtiocfaidh idirghabhálacha níos éifeachtaí agus feabhas ar sholáthar cúraim. Leanfaidh HIQA de bheith ag obair leis an Roinn Sláinte chun a chinntiú go bhfuil an acmhainneacht agus an cumas aige clár oibre bunaithe ar fhianaise a chur i bhfeidhm.

### **Tá luach agus tionchar á soláthar ag HIQA le haghaidh gach páirtí leasmhara trí bhealaí oibre sofhreagrúla agus comhoibríocha, córais éifeachtúla, struchtúir shainoiriúnaithe agus rialachas cuí**

Trí bheith ag obair go comhoibríoch agus i gcomhpháirtíocht le páirtithe leasmhara agus ag an am céanna a bheith neamhspleách, tá sé mar aidhm ag HIQA cur le cumarsáid agus iontaoibh agus feabhas a chur ar ár mbealaí oibre i gcónaí. Is é an aidhm atá againn go mbeidh, mar thoradh air sin, luach agus tionchar tábhachtach do gach páirtí leasmhara, soláthar seirbhíse feabhsaithe agus torthaí níos fearr do dhaoine atá ag úsáid seirbhísí ar fud na hearnála sláinte agus cúraim shóisialta.

### **Is eagraíocht inbhuanaithe agus ionchuimsitheach é HIQA**

Mar gheall ar ár bhfócas ar inbhuanaitheacht agus ar ionchuimsitheacht, is féidir linn riachtanais éagsúla na bpobal dá soláthraímid seirbhísí a léiriú, rud lena n-áirithítear go mbeidh éifeachtacht fadtéarmach lenár oibríochtaí.

### **Is fostóir roghnaithe é HIQA de bharr a thacaíochtaí foirne, a dheiseanna agus a chultúr dearfach eagraíochta**

Trí infheistiú a dhéanamh i bhforbairt foirne agus trí thimpeallacht dhearfach oibre a chruthú, beidh HIQA ina fhostóir roghnaithe a chothaíonn fórsa oibre spreagtha a chuireann lenár misean agus le seirbhísí sláinte agus cúraim sláinte a fheabhsú go foriomlán.

## Acmhainní

Is í an Roinn Sláinte atá ina príomhchisteoir do HIQA agus bailíonn sí táillí iarratais do chlárú ionad ainmnithe. Lena chois sin, faigheann HIQA maoiniú ó líon eile comhlachtaí, an Roinn Leanaí, Míchumais agus Comhionannais ina measc, le haghaidh gníomhaíochtaí ar leith curtha in áirithe. Beidh HIQA i gcónaí oscailte do dheiseanna chun maoiniú breise a lorg chun tabhairt faoi obair atá i gcomhréir lenár misean agus ár sainordú de réir an dlí.

Chun sholáthar rathúil an phlean seo agus do thorthaí 2025-2027 leagtha amach sa phlean a bhaint amach, is réamhriachtanas é go bhfuil a dhóthain acmhainní daonna agus airgeadais a bheith ar fáil. Tugann HIQA gealltanas úsáid na n-acmhainní sin a bharrfheabhsú chun ár bhFís agus ár Misean a sholáthar. Tá an Plean Corparáideach seo forbartha ar bhonn roinnt tuairimí, lena n-áirítear na cinn a leanas:

- Beidh leathadh ár sainchúraim ag tarlú ar bhonn céimnithe agus beidh am leordhóthanach agus acmhainní breise curtha ar fáil chun ullmhú dá leithéid de shruthanna oibre, lena n-áirítear na tacaíochtaí a cheanglaítear laistigh dár n-eagraíocht.
- Cuirfidh acmhainní breise san áireamh, más gá, chun tacú le gníomhaíochtaí neamhbheartaithe.
- Déanfar machnamh ar iarrataí ar fhoireann agus tabharfar freagraí maidir le faomhadh go tráthúil.
- Athróidh maoiniú Státchiste bronnta ar HIQA sna trí bliana atá le teacht i gcomhréir le hathruithe ar scálaí pá na hearnála poiblí agus i gcomhréir le costais oibriúcháin ghinearálta.

## Gníomhaíochtaí

Cuireann an Chuid seo achoimre ar fáil ar na príomhghníomhaíochtaí aimsithe chun gach toradh 2025–2027 a bhaint amach.

Agus HIQA ag bogadh i dtreo cur chuige níos torthaí-dhírithe, beidh sé riachtanach athbhreithniú ar an gcaoi a ndéanaimid rathúlacht a thomhas. Beidh sé ina phríomhthosaíocht do HIQA forbairt a dhéanamh ar chreat torthaí agus ar mheicníocht chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn sa chéad bhliain den Phlean Corparáideach seo.

Is iad seo a leanas na gníomhaíochtaí tosaíochtaí aimsithe ag HIQA faoi gach Toradh.

| Fócas ar sheirbhís                                                                                                                                                  |                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                              |
|---------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| Toradh                                                                                                                                                              | Gníomhaíochtaí 2025–2027                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                     |
| Tá torthaí feabhsaithe do mhuintir na hÉireann maidir le cáilíocht agus sábháilteacht mar thoradh ar shocrú caighdeáin, monatóireacht agus rialachán déanta ag HIQA | <p>Ár bhfreagrachtaí reachtúla agus rialála a chomhlíonadh agus tuarascálacha a fhoilsiú maidir lenár dtorthaí chun cúram agus tacaíocht shábháilte, éifeachtach agus chothrom a chur chun cinn sna réimsí seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>Seirbhísí cúraim sláinte – ar fud an chórais sláinte phoiblí agus phríobháidigh le tosach an Achta um Shábháilteacht Othar</li> <li>Nochtadh míochaine do radaíocht ianaíoch a rialáil</li> <li>Ionaid Bhuana Seirbhíse Cóiríochta Cosanta Idirnáisiúnta</li> <li>Seirbhísí do dhaoine scothaosta</li> <li>Seirbhísí míchumais</li> <li>Seirbhísí leanaí</li> <li>Faisnéis Sláinte–Seirbhísí Náisiúnta Bailiúcháin Sonraí agus Ríomhshláinte.</li> </ul> |
|                                                                                                                                                                     | Síneadh sainchúraim an Phríomhchigire ar Sheirbhísí Sóisialta a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear tús a chur le hathbhreithniú ar theagmhais sonraithe lárionaid ainmnithe, rialacháin nua maidir le bailiú sonraí ó lárionaid ainmnithe agus tús a chur le rialacháin um thacaíocht sa bhaile.                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                               |
|                                                                                                                                                                     | Imscrúduithe agus athbhreithnithe reachtúla a dhéanamh ar sheirbhísí ar leith bunaithe ar rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann, riachtanais atá ag teacht chun cinn, chun sábháilteacht agus foghlaim a chur chun cinn agus chun muintir an phobail a chothú nuair is féidir.                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                  |
|                                                                                                                                                                     | Ullmhú do fhreagrachtaí nua, agus tús a chur leo, mar fhreagra ar thosaíochtaí an rialtais le haghaidh rialú agus monatóireacht ar sheirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta – áirítear leis na réimsí arbh fhéidir tús a chur leo NIS-2, Athléimneacht Eintiteas Criticiúil, seirbhísí paiteolaíochta faoin Acht um Fhíochán Daonna agus faoi Thacaíocht sa Bhaile.                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                         |
|                                                                                                                                                                     | Caighdeáin Náisiúnta reatha a shocrú agus a nuashonrú bunaithe ar thosaíochtaí páirtithe leasmhara agus an clár nua don Rialtas a chur san áireamh (mar shampla): tacaíocht sa bhaile, míchumas, daoine aosta, cúram sláinte, faisnéis sláinte).                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                             |
|                                                                                                                                                                     | Cur chuige bunaithe ar rioscaí a dhéanamh i leith rialú seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta.                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                            |
|                                                                                                                                                                     | Maoirseacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na bprionsabal maidir le Nochtadh Oscailte, a bhfuil iniúchadh ar bun ina leith ag HIQA faoi láthair faoi na <i>Caighdeáin Náisiúnta le haghaidh Cúraim Sláinte Níos Sábháilte, Níos Fearr</i> 2012 (caighdeán 3.5). Anuas air sin, tuairisciú bliantúil a dhéanamh don Aire Sláinte maidir le cur i bhfeidhm an Chreata Náisiúnta maidir le Nochtadh Oscailte.                                                                                                                                                                                                                                                                                                                       |

| Toradh                                                                                                                                                                                               | Gníomhaíochtaí 2025–2027                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                         |
|------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
|                                                                                                                                                                                                      | <p>Rachaidh HIQA i mbun oibre leis an Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce chun na socruithe cuí amach anseo a mheas maidir le monatóireacht a dhéanfar ar na lárionaid seirbhíse chóiríochta um chosaint idirnáisiúnta, agus aird á tabhairt acu ar an gcomhthéacs beartais náisiúnta agus an AE atá de shíor ag athrú.</p>                                                                           |
|                                                                                                                                                                                                      | <p>Ár gcumas faireachais agus anailísíocht sonraí a fhorbairt mar thaca le seirbhísí monatóireachta neartaithe agus le monatóireacht bunaithe ar riosca ar sheirbhísí sláinte agus cúraim sláinte.</p>                                                                                                                                                                                                           |
| <p><b>Tá HIQA ag dul i bhfeidhm ar sholáthraithe seirbhíse agus ag cur ar a gcumas eispéireas feabhsaithe d'úsáideoirí seirbhíse agus torthaí níos fearr a sholáthar do mhuintir na hÉireann</b></p> | <p>Feabhsú leanúnach a áirithiú ar chaighdeán seirbhísí a bhfuil monatóireacht agus rialú á ndéanamh ag HIQA trínár gníomhaíochtaí scrúdaithe agus trí thuairisciú, trí rioscaí a chur ar aghaidh agus trí fhorfheidhmiú.</p>                                                                                                                                                                                    |
|                                                                                                                                                                                                      | <p>Leanúint de chomhoibriú leis an Roinn Sláinte agus an FSS ar an gClár Náisiúnta um Thaithí Chúraim agus an clár a shíneadh chuig daoine ag úsáid seirbhísí ailse agus meabhairshláinte. Leanúint de phobail agus grúpaí éagsúla atá deacair a sroicheadh a chur san áireamh.</p>                                                                                                                              |
|                                                                                                                                                                                                      | <p>Tabhairt faoi rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara le grúpaí abhcóideachta agus le grúpaí de sholáthraithe chun foghlaim ónár gníomhaíochtaí rialála a chomhroinnt agus chun fóram plé a chur ar fáil.</p>                                                                                                                                                                                                  |
|                                                                                                                                                                                                      | <p>Tacú le feabhsú cáilíochta i leith seirbhísí trí sholáthraithe seirbhíse agus úsáideoirí seirbhíse a thabhairt isteach chun treoirdhoiciméid, tacaíochtaí foghlama agus cláir feabhsaithe cáilíochta a fhorbairt chun tacú le caighdeán náisiúnta a chur i bhfeidhm.</p>                                                                                                                                      |
|                                                                                                                                                                                                      | <p>Leas a bhaint as ár bhfeidhmeanna sonraí agus anailísíochta, teicneolaíocht a úsáid chun ár bhfoghlaim a chomhroinnt ar fud earnálacha faoi mhaoirseacht HIQA agus cáilíocht agus caighdeán seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta a fheabhsú.</p>                                                                                                                                                          |
|                                                                                                                                                                                                      | <p>Tionchar HIQA a úsáid chun inbhuanaitheacht a chur chun cinn trí shocrú caighdeán agus trí rialachán.</p>                                                                                                                                                                                                                                                                                                     |
|                                                                                                                                                                                                      | <p>Cur chuige bunaithe ar chearta daonna a leabú a thuilleadh i ngach gníomh a dhéanaimid.</p>                                                                                                                                                                                                                                                                                                                   |
|                                                                                                                                                                                                      | <p>Ár n-ardán a úsáid chun saincheistanna a bhfuil tionchar acu ar úsáideoirí seirbhíse a ardú agus chun tabhairt fúthu, agus cumas a chur orthu abhcóideacht a dhéanamh ar a son féin gach uair is féidir.</p>                                                                                                                                                                                                  |
|                                                                                                                                                                                                      | <p>Tuarascálacha foriomlána a fhoilsiú ar bhonn bliantúil ar fud na hearnála sláinte agus cúram sláinte agus ról agus tionchair na rialála a chur chun cinn.</p>                                                                                                                                                                                                                                                 |
|                                                                                                                                                                                                      | <p>Mar an rialtóir, monatóireacht neamhspleách a dhéanamh ar na gníomhartha a rinne na soláthraithe seirbhíse agus iad ag iarraidh a chinntiú gur cuireadh na moltaí i bhfeidhm ón athbhreithniú Neamhspleách ar an rialáil ag Sláinte Leanaí Éireann (SLÉ) agus uirlisí leighis ionphlandaithe á úsáid, mar shampla in úsáid na lingéin gan an marcáil CE in obráidí dromlaigh ag SLÉ i Sráid an Teampaill.</p> |
|                                                                                                                                                                                                      | <p>Tar éis na n-imeachtaí le déanaí in earnáil an tí altranais, déanfaimid éifeachtacht ár bpróisis rialála ar fud na hearnála sláinte agus sóisialta a athbhreithniú.</p>                                                                                                                                                                                                                                       |

# Éifeacht treoraithe ag an bhfianaise

| Toradh                                                                                                                                                                   | Gníomhaíochtaí 2025–2027                                                                                                                                                                                                                                                                                               |
|--------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| <b>Cuireann HIQA fianaise ar fáil chun cinntí beartais agus forbairtí cleachtais a threorú ar fud na seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta ar leibhéal an phobail</b> | Leanúint de thacú le cinnteoireacht bunaithe ar an bhfianaise, agus í a chur chun cinn, maidir le beartais agus seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta.                                                                                                                                                              |
|                                                                                                                                                                          | Eolas a thabhairt do pholasaí náisiúnta ar úsáid faisnéise maidir le bailiúcháin náisiúnta sonraí agus le clárlanna náisiúnta.                                                                                                                                                                                         |
|                                                                                                                                                                          | Caighdeáin náisiúnta a leagan síos maidir le faisnéis sláinte i gcomhréir le tosaíochtaí náisiúnta mar a leagtar amach in <i>Digital for Care: Creat Sláinte Digiteach d'Éirinn 2024-2030</i> agus an Rialachán maidir leis an Spás Eorpach Sonraí Sláinte.                                                            |
|                                                                                                                                                                          | An Coiste Comhairleach Náisiúnta Imdhíonta (NIAC) a óstáil agus rúnaíocht eolaíochta agus riaracháin a chur ar fáil, rud a chuirfidh ar chumas NIAC sainmholtai faoi imdhíonadh bunaithe ar an bhfianaise a chur ar fáil don Aire Sláinte agus Treoirínte Maidir le hImdhíonadh d'Éirinn a nuashonrú.                  |
|                                                                                                                                                                          | Tabhairt faoi HTAanna agus faoi shintéisí fianaise, agus moltaí bunaithe ar an bhfianaise a fhoilsiú chun beartas náisiúnta sláinte agus cinntí seirbhíse sláinte a threorú.                                                                                                                                           |
|                                                                                                                                                                          | Feidhm taighde straitéiseach a fhorbairt chun ár n-acmhainn agus ár gcumas taighde a neartú, comhoibriú idirnáisiúnta a chothú, comhpháirtíochtaí acadúla a bhainistiú agus leas a bhaint as deiseanna taighde náisiúnta agus idirnáisiúnta atá i gcomhréir le spriocanna HIQA.                                        |
|                                                                                                                                                                          | Obair i gcomhar leis an Roinn Sláinte, dul chun cinn a dhéanamh ar fhorbairt agus cur i bhfeidhm an Chomhlachta Inrochtana Sonraí Náisiúnta (CISN) agus na bhfreagrachtaí faoin Rialachán maidir leis an Spás Eorpach Sonraí Sláinte.                                                                                  |
|                                                                                                                                                                          | Creat treorach a fhorbairt maidir le húsáid eiticíúil agus sábháilte d'IS i dtaobh sláinte agus cúram sóisialta.                                                                                                                                                                                                       |
|                                                                                                                                                                          | Tacú le Mol Sintéise Fianaise a fhorbairt chun ullmhacht a áirithiú le haghaidh géarchéimeanna sláinte atá le teacht trí fhianaise tráthúil, ábhartha agus ardchaighdeáin a chur ar fáil chun cinntí faoi shláinte phoiblí a threorú.                                                                                  |
|                                                                                                                                                                          | Ag obair i gcomhpháirt leis an Roinn Sláinte agus an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta, an t-athbhreithniú neamhspleách a chríochnú chun eolas a dhéanamh don chinnteoireacht maidir le dearadh agus seachadadh seirbhísí cúraim sláinte práinneacha agus éigeandála i réigiún Iarthar-Láir na hÉireann. |

# Rialachas agus éifeachtacht eagraíochta

| Toradh                                                                                                                                                                                                   | Gníomhaíochtaí 2025–2027                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                        |
|----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|-------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| <b>Tá luach agus tionchar á soláthar ag HIQA le haghaidh gach páirtí leasmhara trí bhealaí oibre sofhreagrúla agus comhoibríocha, córais éifeachtúla, struchtúir shainoiriúnaithe agus rialachas cuí</b> | Measúnú a dhéanamh ar bhonn leanúnach chun a chinntiú go dtacaítear go hiomlán le straitéis HIQA agus freagrachtaí HIQA amach anseo le struchtúr eagraíochta HIQA.                                                                                                                                                                                                                                                                              |
|                                                                                                                                                                                                          | Athbhreithniú a dhéanamh ar Sprioc-Shamhail Oibriúcháin HIQA le deimhniú go dtacaíonn sí le soláthar de chuspóir straitéiseach HIQA trí na nithe seo a leanas:                                                                                                                                                                                                                                                                                  |
|                                                                                                                                                                                                          | Cinntiú go bhfuil acmhainní riachtanacha agus ceanglais scileanna ar fáil chun oibleagáidí reachtúla HIQA agus freagrachtaí amach anseo a chomhlíonadh, agus ag an am céanna éifeacht agus luach a sholáthar measúnú a dhéanamh chun a fháil amach an chaoi is féidir feidhmíocht oibríochtúil a fheabhsú trí chinnteoireacht bunaithe ar an bhfianaise a úsáid agus trí IS agus Anailísíocht Sonraí a úsáid go hinmhéanach agus go seachtrach. |
|                                                                                                                                                                                                          | Deiseanna le haghaidh obair agus comhoibriú tras-fheidhmeach a thiomáint chun éifeachtacht agus éifeachtúlachtaí feabhsaithe a sholáthar.                                                                                                                                                                                                                                                                                                       |
|                                                                                                                                                                                                          | Leanúint de mheasúnú a dhéanamh ar thionchar HIQA agus measúnú a dhéanamh chun luach agus éifeacht a sholáthraíonn HIQA a thomhas trí thomhais ar leith a úsáid.                                                                                                                                                                                                                                                                                |
|                                                                                                                                                                                                          | Straitéis Dhigiteach agus Sonraí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun tacú lenár gcuspóirí straitéiseacha a bhaint amach.                                                                                                                                                                                                                                                                                                                    |
|                                                                                                                                                                                                          | Cinntiú go leanann creata agus próisis rialachais de na caighdeáin is airde de threoir agus de mhaoirseacht a sholáthar.                                                                                                                                                                                                                                                                                                                        |
|                                                                                                                                                                                                          | Straitéis um Cháilíocht, Riosca agus Comhlíonadh 2026–2028 a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                  |
|                                                                                                                                                                                                          | Caidreamh le comhpháirtithe agus páirtithe leasmhara reatha a chothú, agus ag an am céanna ceangail nua a dhéanamh chun tacú lenár dtorthaí a bhaint amach trí chomhoibrithe foirmiúla agus neamhfoirmiúla.                                                                                                                                                                                                                                     |

| Toradh                                                         | Gníomhaíochtaí 2025–2027                                                                                                                               |
|----------------------------------------------------------------|--------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| <b>Is eagraíocht inbhuánaithe agus ionchuimsitheach é HIQA</b> | Cur i bhfeidhm de Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide de chuid HIQA a chur chun cinn.                                                                |
|                                                                | Pleananna um Éagsúlacht, Comhionannas agus Ionchuimsitheacht (DEI) a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun timpeallacht fháilteach a chruthú do chách. |
|                                                                | Cinntiú go gcloíonn HIQA le ceanglais den Treoir um Fhreagracht Shóisialta Chorporáideach (CSRD).                                                      |

# Daoine

| Toradh                                                                                                        | Gníomhaíochtaí 2025–2027                                                                                                                                                                                                                               |
|---------------------------------------------------------------------------------------------------------------|--------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| Is fostóir roghnaithe é HIQA de bharr a thacaíochtaí foirne, a dheiseanna agus a chultúr dearfach eagraíochta | Straitéis um Dhaoine agus Cultúr 2025–2027 a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.                                                                                                                                                                         |
|                                                                                                               | Ár bpleananna straitéiseacha ar fhórsa oibre a mheas agus a chur i ngníomh chun a áirithiú go bhfuil acmhainní cearta curtha ar fáil dár Sprioc-Shamhail Oibriúcháin chun freastal ar fhreagrachtaí agus ar fheidhmeanna reatha agus sannta le déanaí. |
|                                                                                                               | Straitéis Forbartha agus Foghlama a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun ár bhfoireann a ullmhú leis na scileanna bunriachtanacha agus an acmhainn cheannaireachta atá ag teastáil chun ár spriocanna straitéiseacha a bhaint amach.                  |
|                                                                                                               | Straitéis um rannpháirtíocht na bhfostaithe a fhorbairt agus plan a dhéanamh chun folláine, comhphobal agus muintearas leanúnach a chothú.                                                                                                             |

# Cur chun feidhme agus faireacháin

Déanfaidh Bord agus Foireann Bainistíochta Feidhmiúcháin HIQA monatóireacht agus athbhreithniú ar chur i bhfeidhm an Phlean Chorporáidigh. Anuas air sin, tá comhaontú maidir le feidhmíocht a sholáthar i bhfeidhm idir HIQA agus an Roinn Sláinte, agus áirítear leis sin próisis le haghaidh monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht.

Treoróidh torthaí 2025–2027 leagtha amach sa phlean seo, in éineacht le tosaíochtaí an Rialtais agus le dúshlán sheachtracha, pleananna gnó bliantúla de chuid HIQA. Agus muid ag bogadh i dtreo fócas atá torthaí-dhírthe, tuigimid an gá le modheolaíocht a fhorbairt a thuilleadh chun ár dtionchar a mheas, agus go sonrach, luach agus éifeacht HIQA i sochaí na hÉireann a thomhas. Áiritheoidh soláthar ár bpleananna gnó bliantúla thar shaolré an Phlean Chorporáidigh go mbainfear ár dtorthaí amach. Sa chás go gcaithfidh HIQA tabhairt faoi shruth mór oibre neamhbheartaithe, b'fhéidir go mbeadh gá le hathmheasúnú ar ár dtosaíochtaí laistigh dár bplean.

## Dualgas um Chomhionannas agus Cearta Daonna na hEarnála Poiblí

Faoi Chuid 42 den Acht faoi Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannais, 2014, tá sé de dhualgas ag HIQA saincheisteanna cearta daonna agus comhionannais a bhaineann lenár bhfeidhmeanna agus lenár gcuspoirí a mheas. Mar chuid de na freagrachtaí sin, aithníonn HIQA struchtúir agus tionscnaimh i bhfeidhm a thacaíonn le cearta daonna agus le comhionannas agus ag an am céanna réimsí do ghníomhú a chur in ord tosaíochta. Mar chuid den Phlean Corparáideach, ní mór do HIQA measúnú ar chearta daonna agus ar shaincheisteanna cáilíochta a leagan amach inár bpolasaithe, inár bpleananna agus inár ngníomhaíochtaí, agus aghaidh a thabhairt orthu, ar bhealach a bhfuil rochtain ag an bpobal orthu, chun trédhearcacht agus freagracht ár n-oibríochtaí a áirithiú.

Le linn an phróisis pleanála chorparáidigh, rinneamar measúnú cuimsitheach ar ár bpolasaithe agus ar ár gcleachtais chun a áirithiú go raibh siad i gcomhréir lenár ngealltanas do chearta daonna, éagsúlacht agus comhionannas a chur chun cinn. Is éard a bhí sa mheasúnú sin ná athbhreithniú cuimsitheach ar ár luachanna agus ar ár misean, i dteannta le mionscrúdú ar acmhainní daonna, iarrachtaí i leith éagsúlachta agus ionchuimsitheachta, agus ar riachtanais daoine atá ag úsáid seirbhísí. Bhímid ag plé le réimse páirtithe leasmhara chun léargas a fháil agus chun a áirithiú gur tugadh aitheantas do dhearcthaí éagsúla inár gcur chuige.

Go sonrach, rinneamar mionscrúdú ar roinnt príomhréimsí atá lárnach do chearta daonna agus comhionannas a chaomhnú laistigh dár gcreat rialála, lena n-áirítear rialú seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta, cleachtais mhonatóireachta agus chigireachta, agus iarrachtaí chun ardchaighdeán agus sábháilteacht a chur chun cinn. De thairbhe sin, d'aimsíomar deiseanna le haghaidh feabhsaithe agus chun ár dtosaíochtaí straitéiseacha a ailíniú chun cearta daonna agus iontaofacht seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta in Éirinn a chur chun cinn:

- **Fócas ar thorthaí:** Ní mór dúinn tús áite a thabhairt d'fhíoréifeacht ár ngníomhaíochtaí rialála a thomhas, ag bogadh ó chás nach ann ach torthaí a rianú i dtreo tuiscint ar an gcaoi lena gcuireann ár ngníomhaíochtaí cearta daonna agus cúram níos sábháilte agus níos fearr chun cinn, chun caighdeán an chúraim a fheabhsú. Leanfaimid d'aiseolas cáilíochtúil a bhailiú ó dhaoine ag úsáid seirbhísí chun a áirithiú go bhfuil ár straitéisí teoraithe ag a dtaithí.
- **Forbairt beartais:** Tá gá ann ár ról maidir le treorú forbartha beartais a leathadh ach saincheisteanna córasacha a aimsiú go gníomhach trínár dtorthaí. Tríd an méid sin a dhéanamh, is féidir linn cur le foirmiú de bheartais éifeachtacha atá i gcomhréir le caighdeán chearta daonna agus comhionannais.
- **Cearta Daonna agus comhionannas a chomhcheangal le cleachtais:** Ba cheart dúinn a áirithiú go léiríonn ár gcreat rialála gealltanas do chearta daonna agus do chomhionannas i gcónaí. Baineann sé sin leis na prionsabail sin a chomhtháthú lenár gcleachtais mhonatóireachta agus chigireachta chun a dhearbhu go dtacaíonn na seirbhísí uile leis na luachanna sin.

- **Éagsúlacht an fhórsa oibre agus rannpháirtíocht na foirne:** Tá sé ríthábhachtach ár bhfócas ar éagsúlacht a neartú laistigh dár bhfórsa oibre chun na pobail a bhfreastalaímid orthu a léiriú. Tá sé barrthábhachtach a aithint an tábhacht a bhaineann le hiompar na foirne chun cearta daonna agus comhionannas a chosaint maidir le cultúr tacúil agus ionchuimsitheach inmheánach a chothú. Agus an fhoireann á tabhairt isteach ar gach leibhéal i bpléití fiúntacha ar chearta daonna, cinnteofar go dtuigfear na luachanna sin, ach go gcomhtháthófar iad go gníomhach inár ngníomhaíochtaí laethúla. Leis an gcur chuige sin, cuirfear lenár gcleachtais rialála trí dhearthaí éagsúla a leabú i bpróisis chinnteoireachta, rud a fheabhsóidh ár n-acmhainn chun torthaí cothroma a sholáthar.

Tá sé mar chroífhaidhm HIQA cúram níos sábháilte agus níos fearr a chur chun cinn ar fud seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta, rud lena n-áirítear ardchaighdeán a chur chun cinn i seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta. I gcaitheamh an Phlean Chorporáidigh seo, díreoidh ar ár gcreata agus ár gcleachtais rialála a fheabhsú chun tacú le cearta daonna agus le comhionannas ar bhealach níos fearr. Áirítear leis sin straitéisí a chur i bhfeidhm a cinnteoidh go mbeidh ár n-obair treoraithe ag dearthaí éagsúla, ag idirghníomhú le páirtithe leasmhara agus ag feabhsú ár bpróiseas ar bhonn leanúnach chun iontaofacht na seirbhísí á rialú againn a chosaint.











**Health  
Information  
and Quality  
Authority**

An tÚdarás Um Fhaisnéis  
agus Cáilíocht Sláinte